Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2018**
**(OR. en)**

**10154/18**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0250 (COD)**

**JAI 656**
**FRONT 176**
**ENFOPOL 325**
**CADREFIN 115**
**IA 212**
**CT 114**
**CODEC 1083**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Meitheamh 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2018) 472 FV2 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 472 FV2.

Faoi iamh: COM(2018) 472 FV2

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 13.6.2018
COM(2018) 472 final

ANNEXES 1 to 8

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann le**

**Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena mbunaítear an Ciste Slándála Inmheánaí**

{SWD(2018) 347 final} - {SWD(2018) 348 final} - {SEC(2018) 315 final}

## IARSCRÍBHINN I

**Critéir maidir le leithdháileadh cistí ar na cláir faoi bhainistíocht chomhroinnte**

Leithdháilfear an t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 10 ar chláir na mBallstát mar seo a leanas:

(1) leithdháilfear méid seasta aonuaire EUR 5 000 000 ar gach Ballstát ag tús na clárthréimhse chun mais chriticiúil a áirithiú do gach clár agus chun riachtanais a chumhdach nach gcuirfí in iúl go díreach leis na critéir thíos;

(2) leithdháilfear na hacmhainní atá fágtha de réir na gcritéar seo a leanas:

(a) 45 % i gcomhréir inbhéartach lena n-olltáirgeacht intíre (caighdeán na cumhachta ceannaigh in aghaidh an áitritheora),

(b) 40 % i gcomhréir le méid a ndaonra,

(c) 15 % i gcomhréir le méid a gcríoch.

Bunófar an chéad leithdháileadh ar na sonraí staidrimh is déanaí a bheidh foilsithe ag an gCoimisiún (Eurostat) lena gcumhdófar an bhliain féilire díreach roimhe sin. Maidir leis an measúnú meántéarmach, is é a bheidh sna figiúirí tagartha na sonraí staidrimh is déanaí a bheidh curtha ar fáil ag an gCoimisiún (Eurostat) lena gcumhdófar an bhliain féilire roimhe sin agus a bheidh ar fáil tráth an mheasúnaithe mheántéarmaigh in 2024.

## IARSCRÍBHINN II

### Bearta cur chun feidhme

Rannchuideoidh an Ciste leis an sainchuspóir a leagtar amach in Airteagal 3(2)(a) trí dhíriú ar na bearta cur chun feidhme seo a leanas:

(a) cur i bhfeidhm aonfhoirmeach *acquis* an Aontais maidir le slándáil lena dtacaítear le malartú faisnéise, mar shampla trí bhíthin Prüm, Taifead Ainmneacha Paisinéirí an Aontais (EU PNR) agus SIS II, lena n-áirítear trí cur chun feidhme moltaí ó shásraí rialaithe cáilíochta agus meastóireachta amhail sásra meastóireachta Schengen agus sásraí rialaithe cáilíochta agus meastóireachta eile;

(b) córais TF agus líonraí cumarsáide de chuid an Aontais a bhfuil ábharthacht slándála ag baint leo a chur ar bun, a chur in oiriúint agus a chothabháil, lena n-áirítear a n-idir-inoibritheacht, agus uirlisí iomchuí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí a shainaithneofar;

(c) úsáid ghníomhach a mhéadú i dtaca le huirlisí, córais agus bunachair shonraí an Aontais a bhfuil ábharthacht slándála ag baint leo, agus a áirithiú go bhfuil sonraí ar ardcháilíocht á soláthar dóibh;

(d) tacú le bearta ábhartha náisiúnta, i gcás inarb ábhartha sin, chun na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(2)(a) a chur chun feidhme.

Rannchuideoidh an Ciste leis an sainchuspóir a leagtar amach in Airteagal 3(2)(b) trí dhíriú ar na bearta cur chun feidhme seo a leanas:

(a) oibríochtaí forfheidhmithe dlí a mhéadú idir na Ballstáit, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, le gníomhaithe ábhartha eile, go háirithe chun úsáid comhfhoirne imscrúdaithe, patróil chomhpháirteacha, deargthóir, faireachas discréideach agus sásraí eile don chomhar oibríochtúil a fheabhsú agus a éascú i gcomhthéacs thimthriall beartais an Aontais (EMPACT), agus béim ar leith á leagan ar oibríochtaí trasteorann;

(b) comhordú agus comhar na n-údarás forghníomhaithe dlí agus údaráis inniúla eile a mhéadú laistigh de na Ballstáit agus idir na Ballstát agus le gníomhaithe ábhartha eile, mar shampla trí líonraí d'aonaid speisialaithe náisiúnta, líonraí agus struchtúir comhair de chuid an Aontais, lárionaid de chuid an Aontas;

(c) an comhar idirghníomhaireachta agus an comhar ar leibhéal an Aontais a fheabhsú idir na Ballstáit, nó idir na Ballstáit, ar thaobh amháin, agus na comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, ar an taobh eile, chomh maith le feabhas a chur air ar an leibhéal náisiúnta i measc na n-údarás náisiúnta i ngach Ballstát.

Rannchuideoidh an Ciste leis an sainchuspóir a leagtar amach in Airteagal 3(2)(c) trí dhíriú ar na bearta cur chun feidhme seo a leanas:

(a) oiliúint i bhforfheidhmiú an dlí a mhéadú, chomh maith le cleachtaí, foghlaim fhrithpháirteach, cláir speisialaithe malartaithe agus comhroinnt dea-chleachtais, lena n-áirítear i dtríú tíortha agus le tríú tíortha agus gníomhaithe ábhartha eile;

(b) leas a bhaint as sineirgí trí acmhainní agus eolas a chomhroinnt idir na Ballstáit agus gníomhaithe ábhartha eile, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta trí bhíthin, mar shampla, lárionaid chomhpháirteacha barrfeabhais a chruthú, measúnuithe riosca comhpháirteacha a fhorbairt, nó lárionaid choiteanna tacaíochta oibríochtúla le haghaidh oibríochtaí arna gcur i gcrích go comhpháirteach;

(c) bearta, coimircí, sásraí agus na dea-chleachtais a chur chun cinn agus a fhorbairt chun sainaithint luath, cosaint agus tacaíocht a thabhairt d'fhinnéithe, do sceithirí agus d'íospartaigh na coireachta agus, chuige sin, comhpháirtíochtaí a fhorbairt idir údaráis phoiblí agus gníomhaithe ábhartha eile;

(d) trealamh ábhartha a fháil agus saoráidí speisialaithe oiliúna agus bonneagar riachtanach eile a bhfuil ábharthacht slándála ag baint leis a chur ar bun nó a uasghrádú chun ullmhacht, teacht aniar, feasacht an phobail agus freagairt leordhóthanach a mhéadú i dtaca le bagairtí slándála.

## IARSCRÍBHINN III

**Gníomhaíochtaí a gheobhaidh tacaíocht ón gCiste i gcomhréir le hAirteagal 4**

- Córais agus líonraí TF a rannchuidíonn le gnóthú chuspóirí an Rialacháin seo, oiliúint ar úsáid na gcóras sin, idir-inoibritheacht agus cáilíocht sonraí na gcóras sin a thástáil agus a fheabhsú;
- faireachán ar an gcaoi a gcuirtear dlí an Aontais agus cuspóirí beartais an Aontais chun feidhme sna Ballstáit i réimse na gcóras faisnéise slándála;
- bearta de chuid EMPACT lena gcuirtear Timthriall Beartais an Aontais chun feidhme nó lena n-éascaítear a chur chun feidhme;
- gníomhaíochtaí lena dtacaítear le freagairt éifeachtach chomhordaithe a thabhairt i gcásanna géarchéime trína nascfar le chéile na sainchumais, na lárionaid saineolais agus na lárionaid feasachta staide atá ann cheana de réir na hearnála, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an tsláinte, leis an gcosaint shibhialta agus leis an sceimhlitheoireacht;
- gníomhaíochtaí trína bhforbraítear modhanna nuálacha nó a gcuirtear teicneolaíochtaí nua chun oibre a d'fhéadfaí a aistriú go Ballstáit eile, go háirithe tionscadail arb aidhm dóibh torthaí tionscadal taighde slándála atá cistithe ag an Aontas a thástáil agus a bhailíochtú;
- tacaíocht do líonraí téamacha nó trastéamacha d'aonaid speisialaithe náisiúnta chun feabhas a chur ar chómhuinín, ar mhalartú agus scaipeadh feasa ghnó, faisnéise, taithí agus na gcleachtas is fearr, ar chomhroinnt acmhainní agus saintaithí i lárionaid choiteanna barrfeabhais;
- oideachas agus oiliúint a chur ar bhaill foirne agus ar shaineolaithe na n-údarás ábhartha forfheidhmithe dlí agus breithiúnach agus na ngníomhaireachtaí riaracháin ábhartha, agus riachtanais oibríochtúla agus anailís ar rioscaí á gcur san áireamh, bunaithe ar an Scéim Eorpach um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (LETS) agus i gcomhar le CEPOL agus, i gcás inarb infheidhme, leis an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach;
- comhar leis an earnáil phríobháideach chun an mhuinín a thógáil agus feabhas a chur ar an gcomhordú, ar an bpleanáil teagmhais agus ar mhalartú agus scaipeadh na faisnéise agus na gcleachtas is fearr i measc ghníomhaithe poiblí agus ghníomhaithe príobháideacha, lena n-áirítear le linn spásanna poiblí agus bonneagar criticiúil a chosaint;
- gníomhaíochtaí lena gcumasaítear pobail chun roinnt cineálacha cur chuige áitiúil agus beartais choisc a fhorbairt, agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta i measc gheallsealbhóirí agus an phobail i gcoitinne maidir le beartais slándála an Aontais;
- trealamh, modhanna iompair, córais chumarsáide agus áiseanna ríthábhachtacha a bhfuil ábharthacht slándála ag baint leo;
- costas na mball foirne a bhfuil baint acu leis na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gCiste nó le gníomhaíochtaí a bhfuil gá le rannpháirtíocht foirne ina leith ar chúiseanna teicniúla nó cúiseanna a bhaineann le slándáil.

## IARSCRÍBHINN IV

**Gníomhaíochtaí atá incháilithe le haghaidh cómhaoinithe níos airde i gcomhréir le hAirteagal 11(2) agus Airteagal 12(6)**

- Tionscadail arb é is aidhm dóibh an radacú a chosc agus a throid.
- Tionscadail arb é is aidhm dóibh idir-inoibritheacht chórais TF agus líonraí cumarsáide a fheabhsú[1].

[1] I gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le córais faisnéise níos láidre agus níos cliste do theorainneacha agus don tslándáil COM(2016) 205.

## IARSCRÍBHINN V

**Croítháscairí feidhmíochta dá dtagraítear in Airteagal 24(1)**

**Cuspóir Sonrach 1: Malartú faisnéise a fheabhsú**

(1) An úsáid a bhaintear as sásraí malartaithe faisnéise an Aontais.

*foinse sonraí: Europol, EU-LISA, an Chomhairle, Ballstáit*

**Cuspóir Sonrach 2: Comhar oibríochtúil méadaithe**

(1) Líon na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha oibríochtúla a fhaigheann tacaíocht ón gCiste.

*foinse sonraí: Europol, Eurojust, Ballstáit*

(2) Luach measta sócmhainní calctha, luach measta sócmhainní arna gcoigistiú le cabhair ón gCiste.

*foinse sonraí: Ballstáit*

(3) Luach na n-urghabhálacha drugaí neamhdhleathacha arna mbaint amach le comhar trasteorann idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí.

*foinse sonraí: Ballstáit, Tairbhithe deontais ghníomhaíochta an Aontais*

(4) An líon Moltaí Meastóireachta Schengen a mbeidh impleachtaí airgeadais ag baint leo i réimse na slándála a dtabharfar aghaidh orthu le tacaíocht ón gCiste, i gcomparáid le líon iomlán na moltaí a mbeidh impleachtaí airgeadais ag baint leo i réimse na slándála.

*foinse sonraí: Ballstáit*

**Cuspóir Sonrach 3: Cumas neartaithe an choireacht a chomhrac agus a chosc**

(5) Líon na n-oifigeach forfheidhmithe dlí a bhfuil oiliúint, cleachtaí, foghlaim fhrithpháirteach nó cláir speisialaithe malartaithe curtha i gcrích acu ar thopaicí trasteorann-bhainteacha a cuireadh ar fáil le tacaíocht ón gCiste.

*foinse sonraí: Ballstáit*

(6) Líon na mbonneagar criticiúil agus na spásanna poiblí a bhfuil feabhas curtha ar a gcosaint i gcoinne teagmhas a bhaineann leis an tslándáil le cabhair ón gCiste.

*foinse sonraí: Ballstáit*

(7) Líon na dtionscnamh chun cosc a chur ar an radacú a bhfuil an t-antoisceachas foréigneach mar thoradh air.

*foinse sonraí: An Líonra um Fheasacht ar an Radacú (RAN)*

## IARSCRÍBHINN VI

### Cineálacha idirghabhála

### TÁBLA 1: CÓID DO DHIMINSEAN AN RÉIMSE IDIRGHABHÁLA

| | |
|---|---|
| 1 | TER-Comhrac i gcoinne Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta |
| 2 | TER-An radacú a chosc agus a chomhrac |
| 3 | TER-Cosaint agus teacht aniar spásanna poiblí agus spriocanna lagchosanta eile |
| 4 | TER-Cosaint agus teacht aniar an bhonneagair chriticiúil |
| 5 | TER-Ceimiceach Bitheolaíoch Radaighníomhach Núicléach |
| 6 | TER-Pléascáin |
| 7 | TER-Bainistíocht Géarchéime |
| 8 | TER-Eile |
| 9 | OC-Éilliú |
| 10 | OC- An Choireacht Gheilleagair agus Airgeadais |
| 11 | OC-Drugaí |
| 12 | OC-Gáinneáil ar airm thine |
| 13 | OC-Gáinneáil ar dhaoine |
| 14 | OC-Smuigleáil Imirceach |
| 15 | OC-An Choireacht Chomhshaoil |
| 16 | OC-An Choireacht Maoine Eagraithe |
| 17 | OC-Eile |
| 18 | CC-Cibearchoireacht - Eile |
| 19 | CC-Cibearchoireacht - Cosc |
| 20 | CC-Cibearchoireacht -Imscrúduithe a éascú |
| 21 | CC-Cibearchoireacht -Cúnamh d'íospartaigh |
| 22 | CC-Dúshaothrú Gnéasach Leanaí - Cosc |
| 23 | CC-Dúshaothrú Gnéasach Leanaí - Imscrúduithe a éascú |
| 24 | CC-Dúshaothrú Gnéasach Leanaí - Cúnamh d'íospartaigh |
| 25 | CC-Dúshaothrú Gnéasach Leanaí - Eile |
| 26 | CC-Eile |
| 27 | GEN-Malartú faisnéise |
| 28 | GEN-Comhar póilíneachta nó idirghníomhaireachta (custaim, gardaí teorann, seirbhísí faisnéise) |
| 29 | GEN-Fóiréinsic |

| | |
|---|---|
| 30 | GEN-Tacaíocht d'íospartaigh |
| 31 | GEN-Tacaíocht oibriúcháin |
| 32 | TA-Cúnamh teicniúil - faisnéis agus cumarsáid |
| 33 | TA-Cúnamh teicniúil - ullmhúchán, cur chun feidhme, faireachán agus rialú |
| 34 | TA-Cúnamh teicniúil - meastóireacht agus staidéir, bailiú sonraí |
| 35 | TA-Cúnamh teicniúil - fothú acmhainneachta |

**TÁBLA 2: CÓID DO CHINEÁL AN DIMINSIN GHNÍOMHAÍOCHTA**

| | |
|---|---|
| 1 | Córais TF, idir-inoibritheacht, caighdeán sonraí, córais chumarsáide (gan trealamh san áireamh) |
| 2 | Líonraí, ionaid barrfeabhais, struchtúir comhair, gníomhaíochtaí agus oibríochtaí comhpháirteacha |
| 3 | Comhfhoirne Imscrúdaithe nó oibríochtaí comhpháirteacha eile |
| 4 | Saineolaithe a thabhairt ar iasacht nó a imscaradh |
| 5 | Oiliúint |
| 6 | Dea-chleachtais a mhalartú, ceardlanna, comhdhálacha, imeachtaí, feachtais ardaithe feasachta, gníomhaíochtaí cumarsáide |
| 7 | Staidéir, treoirthionscadail, measúnuithe riosca |
| 8 | Trealamh (curtha san áireamh agus an chaidhp 15% á ríomh) |
| 9 | Modhanna iompair (curtha san áireamh agus an chaidhp 15% á ríomh) |
| 10 | Foirgnimh, saoráidí (curtha san áireamh agus an chaidhp 15% á ríomh) |
| 11 | Feidhmiú tionscadal taighde agus obair leantach eile |

**TÁBLA 3: CÓID DO DHIMINSEAN NA MÓDÚLACHTAÍ CUR CHUN FEIDHME**

| | |
|---|---|
| 1 | Comhar le tríú tíortha |
| 2 | Gníomhaíochtaí i dtríú tíortha |
| 3 | Cur chun feidhme moltaí meastóireachta Schengen i réimse an chomhair póilíneachta |
| 4 | Gníomhaíochtaí Sonracha (nach fios ag an gcéim clársceidealaithe) |
| 5 | Cúnamh Éigeandála (nach fios ag an gcéim clársceidealaithe) |
| 6 | Gníomhaíochtaí atá liostaithe in Iarscríbhinn IV |

# IARSCRÍBHINN VII

## Gníomhaíochtaí atá incháilithe chun tacaíocht oibriúcháin a fháil

Faoin sainchuspóir *malartú faisnéise a fheabhsú*, cumhdófar an méid seo a leanas leis an tacaíocht oibriúcháin laistigh de na cláir:

- cothabháil agus deasc chabhrach chórais TF an Aontais agus, i gcás inarb ábhartha, chórais náisiúnta TF a rannchuidíonn le gnóthú chuspóirí an Rialacháin seo.
- costais a bhaineann le baill foirne a rannchuidíonn le gnóthú chuspóirí an Rialacháin seo

Faoin sainchuspóir *comhar oibríochtúil méadaithe*, cumhdófar an méid seo a leanas leis an tacaíocht oibriúcháin laistigh de na cláir náisiúnta:

- trealamh teicniúil nó modhanna iompair a chothabháil a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí maidir le cosc, brath agus imscrúdú coireacht thromchúiseach agus eagraithe a bhfuil gné trasteorann ag baint léi.
- costais a bhaineann le baill foirne a rannchuidíonn le gnóthú chuspóirí an Rialacháin seo

Faoin sainchuspóir *cumas neartaithe an choireacht a chomhrac agus a chosc*, cumhdófar an méid seo a leanas leis an tacaíocht oibriúcháin laistigh de na cláir náisiúnta:

- trealamh teicniúil nó modhanna iompair a chothabháil a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí maidir le cosc, brath, agus imscrúdú coireacht thromchúiseach agus eagraithe a bhfuil gné trasteorann ag baint léi.
- costais a bhaineann le baill foirne a rannchuidíonn le gnóthú chuspóirí an Rialacháin seo

Ní chumhdófar gníomhaíochtaí nach bhfuil incháilithe faoi Airteagal 4(3).

## IARSCRÍBHINN VIII

### Táscairí aschuir agus torthaí dá dtagraítear in Airteagal 24(3)

**Cuspóir Sonrach 1: Malartú faisnéise a fheabhsú**

(1) Déanfar an úsáid a bhainfear as sásraí malartaithe faisnéise an Aontais a thomhas ar na bealaí seo a leanas:

(a) líon na gcuardach a dhéanfar i gCóras Faisnéise Schengen (SIS);

(b) líon na gcuardach a dhéanfar sa chóras um malartú trasnáisiúnta sonraí fóiréinseacha (DNA, méarloirg, uimhirphlátaí) idir Ballstáit (córas uathoibrithe Prüm um malartú sonraí);

(c) líon na dteachtaireachtaí arna malartú tríd an gCóras an Fheidhmchláir Líonra um Malartú Slán Faisnéise de chuid Europol (SIENA);

(d) líon na gcuardach a dhéanfar sa Chóras Faisnéise Europol (EIS);

(e) líon iomlán na bpaisinéirí a mbeidh sonraí a dTaifead Ainmneacha Paisinéirí (PNR) bailithe agus malartaithe;

*foinse sonraí: Europol, EU-LISA, an Chomhairle, Ballstáit*

(2) Líon na nasc nua a rinneadh le tacaíocht ón gCiste idir bunachair shonraí a bhfuil ábharthacht slándála ag baint leo:

(a) leis an Aontas agus, i gcás i gcás inarb ábhartha, le bunachair shonraí idirnáisiúnta;

(b) laistigh den Bhallstát;

(c) le Ballstát amháin eile nó níos mó;

(d) le tríú tír amháin nó níos mó.

*foinse sonraí: Ballstáit*

(3) Líon úsáideoirí gníomhacha uirlisí, córais agus bunachair shonraí malartaithe faisnéise an Aontais agus, i gcás inarb ábhartha, náisiúnta a bhfuil ábharthacht slándála ag baint leo agus a cuireadh ar fáil le tacaíocht ón gCiste, i gcomparáid le líon iomlán na n-úsáideoirí.

*foinse sonraí: Ballstáit*

**Cuspóir Sonrach 2: Comhar oibríochtúil méadaithe**

(4) líon na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha oibríochtúla a fhaigheann tacaíocht ón gCiste, lena n-áirítear na Ballstáit agus na húdaráis rannpháirteacha, de réir réimse (an fhrithsceimhlitheoireacht, an choireacht eagraithe i gcoitinne, an choireacht eagraithe a bhaineann le harm tine, an chibearchoireacht, eile):

(a) an líon comhfhoirne imscrúdaithe (JITanna);

(b) líon tionscadal oibríochtúil an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT);

(c) gníomhaíochtaí comhpháirteacha eile.

*foinse sonraí: Europol, Eurojust, Ballstáit*

(5) Rannpháirtíocht i líonraí trasnáisiúnta a fheidhmíonn le tacaíocht ón gCiste.

*foinse sonraí: Ballstáit, tairbhithe deontais ghníomhaíochta an Aontais nó tairbhithe deontais de chuid EMAS*

(6) Luach measta sócmhainní calctha, luach measta sócmhainní arna gcoigistiú le cabhair ón gCiste.

*foinse sonraí: Ballstáit*

(7) Luach na n-urghabhálacha drugaí neamhdhleathacha arna mbaint amach le comhar trasteorann idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí.

*foinse sonraí: Ballstáit, tairbhithe deontais ghníomhaíochta an Aontais*

(8) Líon na n-aschur arna ngineadh le cabhair ón gCiste, mar shampla lámhleabhair maidir le dea-chleachtais, ceardlanna, freachnaimh choiteanna.

*foinse sonraí: Tairbhithe deontais ghníomhaíochta an Aontais*

(9) An líon Moltaí Meastóireachta Schengen a mbeidh impleachtaí airgeadais ag baint leo i réimse na slándála a dtabharfar aghaidh orthu le tacaíocht ón gCiste, i gcomparáid de líon iomlán na moltaí a mbeidh impleachtaí airgeadais ag baint leo i réimse na slándála.

*foinse sonraí: Ballstáit*

**Cuspóir Sonrach 3: Cumas neartaithe an choireacht a chomhrac agus a chosc**

(10) Líon na n-oifigeach forfheidhmithe dlí a bhfuil oiliúint, cleachtaí, foghlaim fhrithpháirteach nó cláir speisialaithe malartaithe curtha i gcrích acu ar thopaicí trasteorann-bhainteacha a cuireadh ar fáil le tacaíocht ón gCiste, de réir na réimsí seo a leanas:

(a) an fhrithsceimhlitheoireacht;

(b) an choireacht eagraithe;

(c) an chibearchoireacht;

(d) réimsí eile comhair oibríochtúil.

*foinse sonraí: Ballstáit*

(11) Líon na lámhleabhar maidir le dea-chleachtais agus teicnící imscrúdúcháin, nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha agus uirlisí eile arna bhforbairt le tacaíocht ón gCiste mar thoradh ar idirghníomhú idir eagraíochtaí éagsúla ar fud an Aontais.

*foinse sonraí: Ballstáit, tairbhithe deontais ghníomhaíochta an Aontais nó tairbhithe deontais de chuid EMAS*

(12) Líon íospartach na coireachta ar tugadh cúnamh dóibh le tacaíocht ón gCiste, de réir an chineáil coireachta (gáinneáil ar dhaoine, smuigleáil imirceach, an sceimhlitheoireacht, an choireacht thromchúiseach agus eagraithe, an chibearchoireacht, dúshaothrú gnéasach leanaí).

*foinse sonraí: Ballstáit*

(13) Líon na mbonneagar criticiúil agus na spásanna poiblí a bhfuil feabhas curtha ar a gcosaint i gcoinne teagmhas a bhaineann leis an tslándáil le cabhair ón gCiste.

*foinse sonraí: Ballstáit*

(14) Líon na dtionscnamh chun cosc a chur ar an radacú a bhfuil an t-antoisceachas foréigneach mar thoradh air:

(a) líon na n-amas ar shuíomh gréasáin an Líonra um Fheasacht ar an Radacú (RAN);

(b) líon na rannpháirtithe i RAN de réir an chineáil saineolaí;

(c) líon na gcuairteanna staidéir, na seisiún oiliúna, na gceardlann agus na seisiún comhairleoireachta arna gcur i gcrích sna Ballstáit i ndlúthchomhar leis na hÚdaráis náisiúnta de réir na dtairbhithe (údaráis forfheidhmithe dlí, eile).

*foinse sonraí: An Líonra um Fheasacht ar an Radacú (RAN)*

(15) Líon na gcomhpháirtíochtaí arna mbunú le tacaíocht ón gCiste agus a rannchuidíonn chun feabhas a chur ar thacaíocht d'fhinnéithe, do sceithirí agus d'íospartaigh na coireachta:

(a) leis an earnáil phríobháideach;

(b) leis an tsochaí shibhialta.

*foinse sonraí: Ballstáit, tairbhithe deontais ghníomhaíochta an Aontais nó tairbhithe deontais de chuid EMAS*